



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

CEIMIC – ARDLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT, 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

400 MARC

Freagair **ocht** gceist ar fad

Ní mór **dhá** cheist ar a laghad a fhreagairt as **Roinn A**

Tá gach ceist ar cómharc (50)

Eolas

Maiseanna adamhacha coibhneasta: H = 1, C = 12, O = 16, Na = 23, P = 31, Cl = 35.5, Ca = 40, Fe = 56

Gástairiseach uilíoch, $R = 8.3 \text{ J K}^{-1} \text{ mol}^{-1}$


Tairiseach Avogadro = $6.0 \times 10^{23} \text{ mol}^{-1}$

Roinn A

Freagair dhá cheist ar a laghad as an roinn seo [féach treoracha iomlána ar leathanach 1].

1. Rinneadh comparáid idir luachanna an chruais iomlán i soláthar uisce sular scaoileadh trí dhí-ianaitheoir saotharlainne é agus ina dhiaidh. Rinneadh é seo trí tháscaire oiriúnach, chomh maith le toirt bheag de thuaslagán maolánach, a chur le samplaí 50.0 cm^3 den uisce i bhfleascán cónlúil agus é a thoirtmheascadh le tuaslagán **edta**.

Tugann an chothromóid chothromaithe seo a leanas an t-imoibriú idir na hiain chailciam agus na hiain mhaignéisiam (léirithe ag M^{2+}) san uisce agus an edta (léirithe ag H_2Y^{2-}).




- (a) Cad é ainm iomlán an imoibreáin **edta**? (5)
- (b) Ainmnigh táscaire oiriúnach don toirtmheascadh seo agus luaigh an t-athrú datha a bhreathnaítear ag críochphointe an toirtmheasctha. (9)
- (c) Cad í an aidhm għinearálta atá le tuaslagáin mhaolánacha?
Cén maolán a bhí ag teastáil don toirtmheascadh seo?
Cén fhadhb a thiocfadh chun solais sa toirtmheascadh seo dá n-úsáidfi an maolán mícheart? (9)
- (d) Mínigh an dá oibríocht, a raibh an fleascán toirtmheasctha agus an t-ábhar sa fhleascán i gceist iontu, a cuireadh i gerich de réir mar a bhí an edta á chur leo ón mbuiréad le linn an toirtmheasctha. (6)
- (e) Fuarhas amach go raibh 9.20 cm^3 ar meán den tuaslagán 0.01 M edta ag teastáil le haghaidh imoibriú iomlán le samplaí 50.0 cm^3 den uisce crua sula dtarlaíonn ianmhalaartú, agus go raibh 2.40 cm^3 ar meán den tuaslagán céanna den edta ag teastáil le haghaidh imoibriú iomlán le samplaí 50.0 cm^3 den uisce tar éis an ianmhalaartaithe.
Ríomh cruas iomlán an uisce sula dtarlaíonn ianmhalaartú
(i) ina mhóil sa lítear d'iain chailciam agus d'iain mhaignéisiam (M^{2+}),
(ii) ina ghraim sa lítear sloinnté i dtéarmaí CaCO_3 ,
(iii) i csm i dtéarmaí CaCO_3 .
Déan na háirimh seo arís don uisce tar éis an ianmhalaartaithe. (15)
- (f) Luaigh agus mínigh cé acu a bhíonn, nó nach mbíonn, an t-uisce oiriúnach lena úsáid mar uisce dí-ianaithe sa tsaotharlann tar éis é a scaoileadh tríd an dí-ianaitheoir, nó cé acu is gá, nó nach gá, an dí-ianaitheoir a athrú nó a athghiniúint. (6)

2. Chun gallúnach a ullmhú, rinne mac léinn aife ar 8.9 g de thrísteáráit ghliocról (a fuarthas ó shaill ainmhíoch), 2 g de phiollairí hidrocsáid sóidiam agus 30 cm³ d'eatánól mar aon le cúpla gráinnín frithphreabarnach, agus an gaireas thaispeántar ar dheis á úsáid.

Ag deireadh an turgnaimh aonraíodh 7.0 g de ghallúnach íon tirim.

Tá an chothromóid chothromaithe don imoibriú mar seo a leanas:



(a) Scríobh síos an t-ainm córasach (IUPAC) ar ghliocról. (5)

(b) Cén fáth a ndearnadh an meascán imoibrithe a théamh faoi aife?

Ainmnigh an saghas imoibrithe a tharla i rith na haife.


Cén aidhm a bhí leis an eatánól? (12)

(c) (i) Déan cur síos, le cabhair léaráidí lipéadaithe, ar conas a baineadh an t-eatánól as an meascán tar éis chéim na haife.

(ii) Conas a aonraíodh an ghallúnach ó na substaintí eile a bhí fágtha sa mheascán imoibrithe?

(iii) Tar éis an gallúnach a aonrú, conas a ionghlanadh agus a triomaíodh é? (21)

(d) Má thugtar go raibh barraíocht hidrocsáid sóidiam ann, ríomh an táirgeadh céatadánach de ghallúnach (stéaráit sóidiam). (12)



3. Tosaíodh staduaireadóir nuair a doirteadh 50 cm³ de thuaslagán 0.20 M de thiasulfáit sóidiam isteach i bhfleascán cóníul ina raibh 10 cm³ de thuaslagán 1.0 M HCl. Cuireadh an fleascán cóníul ina sheasamh ar chros dhubb a bhí marcálte ar pháipéar bán. Tomhaiseadh an t-am a thóg sé go dtí go raibh an chros doiléir mar gheall ar an deascán a táirgeadh san imoibriú. Tógadh deilín an ama imoibrithe seo (l/t) mar thomhas ar ráta tosaigh an imoibrithe cheimicigh.

Ansin caolaíodh an gnáth-thuaslagán 0.20 M de thiasulfáit sóidiam le huisce dí-ianaithe agus táirgeadh 50 cm³ an ceann de thuaslagán 0.16 M, 0.12 M, 0.08 M, 0.04 M, 0.02 M, i ndiaidh a chéile.

Tomhaiseadh freisin an t-am a thóg sé ar na tuaslagán seo imoibriú le 10 cm³ den tuaslagán 1.0 M HCl i bhfleascáin chónula chomhionanna, mar a luaitear thus. Rinneadh na sé imoibriú ag 20 °C agus tugtar na torthaí sa tábla.

| | | | | | | |
|---|------|------|------|------|------|-------|
| Tíúchan Na ₂ S ₂ O ₃ (M) | 0.20 | 0.16 | 0.12 | 0.08 | 0.04 | 0.02 |
| Am imoibrithe (nóim) | 1.14 | 1.43 | 1.89 | 2.94 | 5.88 | 11.11 |
| 1/t (nóim ⁻¹) | 0.88 | 0.70 | 0.53 | 0.34 | 0.17 | 0.09 |

(a) Sainaithin an deascán a táirgeadh i ngach fleascán. (5)

(b) Déan cur síos ar mhodh oibre chun caolú a dhéanamh ar an tuaslagán 0.20 M de thiasulfáit sóidiam chun 50 cm³ de thuaslagán 0.12 M a thabhairt. (9)

(c) Cén fáth a gcoimeádtar an tíúchan agus an toirt den tuaslagán HCl tairiseach? (6)

(d) Tarraing graf den ráta imoibrithe (l/t) in aghaidh tíúchan na tiasulfáite sóidiam. Cén tátal is féidir a bhaint as an ngraf faoin gcoibhneas idir an ráta imoibrithe agus tíúchan na tiasulfáite sóidiam? (18)

(e) Bain úsáid as do ghráf chun réamhinsint a thabhairt ar an am a thógfadh sé ar 50 cm³ de thuaslagán 0.10 M de thiasulfáit sóidiam imoibriú le 10 cm³ de thuaslagán 1.0 M HCl ag 20 °C. (6)

(f) An modh oibre a bhfuil cur síos déanta air thuas, rinneadh arís é agus úsáideadh codanna 50 cm³ den tuaslagán 0.20 M de thiasulfáit sóidiam agus codanna 10 cm³ den tuaslagán 1.0 M HCl ag teochtaí áirithe difriúla idir 10 °C agus 70 °C agus tomhaiseadh am an imoibrithe mar a rinneadh roimhe seo.

An mbeifaé ag súil leis go n-éireodh am an imoibrithe níos mó nó níos lú nó go bhfanfad sé mar an gcéanna de réir mar a ardaíodh an teocht? Cosain do fhreagra. (6)

Roinn B

[Féach leathanach 1 maidir le líon na gceisteanna atá le freagairt.]

4. Freagair **ocht** gcinn de na míreanna seo a leanas (a), (b), (c), etc. (50)

- (a) Scríobh cumraíocht na leictreon (*s, p, etc.*) atá ag an ian ocsaigine (ocsaíd) (O^{2-}).
- (b) Luaigh **dhá** dhifríocht idir tábla peiriadach Mendeleev agus tábla peiriadach nua-aimseartha na ndúl.
- (c) Cad iad an **dá** chruth is féidir a bheith ar mhóilín a bhfuil an fhoirmle ghinearálta QX_2 acu?
- (d) Cé mhéad adamh iarainn atá i mbabhla 30 g de chalóga arbhair ina bhfuil 0.0024 g d'iarann in aghaidh 30 g?
- (e) Luaigh *dli Gay-Lussac um thoirteanna cuingreacha*.
- (f) Sainmhínigh *fuinneamh gníomhachtúcháin*.
- (g) Déan idirdhealú idir nascadh comhfhiúsach sigme (σ) agus pi (π).
- (h) Cad is *gás idéalach* ann?
- (i) Cad a tharlaíonn i rith an dara céim de chóireáil camrais?
- (j) Tarraing na foirmí struchtúracha atá ag dhá mhóilín ar bith a bhfuil an fhoirmle mhóilíneach $\text{C}_3\text{H}_6\text{O}_2$ acu.
- (k) Freagair cuid **A** nó cuid **B**.

A Scríobh cothromóid chothromaithe do dhí-ocsaídíú ocsaíd iarainn(III) ag aonocsaíd charbón i bhfoirnéis soinneáin.

nó

B Scríobh cothromóid chothromaithe don imoibriú a tharlaíonn nuair a thuslagtar in uisce dé-ocsaíd sulfair as astuithe gásacha tionsclaíocha.

5. (a) Luaigh **dhá** fhoshuíomh de theoric adamhach Dalton a cuireadh i láthair in 1808. (8)

- (b) Ba é an leictreon an chéad cheann de na cáithníni fo-adamhacha a fionnadh. Sainaithníodh é i dturgnaimh, agus gathanna catóide á n-úsáid, a rinneadh i ndeireadh na naoú haoise déag.

Ainmnigh an t-eolaí

- (i) a thomhais, timpeall 1897, cóimheas luchta le mais an leictreoin, e/m ,
(ii) a chruthaigh, timpeall 1910, go mbíonn na leictreoin in adamh lonnaithe i néal leictreón timpeall ar núicléas beag dlúth, deimhneach, lárnach,
(iii) a thomhais, timpeall 1911, an lucht ar an leictreoin, e . (9)

- (c) Bhí leagan amach na leictreón sa néal leictreón, a mhol Bohr (a fheictear sa phictiúr ar dheis) i 1913, comhsheasmhach le speictream astaithe na hidrigine.


Tabhair breac-chuntas ar theoric adamhach Bohr atá bunaithe ar speictream astaithe na hidrigine. (15)

- (d) Luaigh **dhá** locht ar theoric Bohr ba chúis lena mionathrú. (6)

- (e) Sainmhínigh *fithiseán adamhach*.

Tarraing an cruth atá ar an *p*-fhithiseán.

Luaigh uaslíon na leictreón is féidir a bheith lonnaithe i *p*-fhithiseán. (12)



6. (a) Tabhair na hainmneacha córasacha (IUPAC) ar na trí chomhdhúil hidreacarbón X, Y agus Z.

$$(8) \quad \text{CH}_3(\text{CH}_2)_5\text{CH}_3 \quad \underline{\text{X}}$$

- (b) Faigtear na comhdhúile X agus Z ón gcodán céanna i bpróiseas mínghlanta na hola. Ainmnigh an codán ina dtarlaíonn X agus Z.

Cad iad an **dá** airí atá i gcomhpháirt ag comhdhúile atá bailithe sa chodán céanna?

- (c) Cad is brí le *uathadhaint* in innill pheitritl?

Tá uimhir ochtái de 83 ag comhdhúil Y agus dá bhrí sin tá an grádú ochtái céanna aici agus atá ag meascán 83:17 de dhá hidreacarbón thagartha. Ainmnigh an hidreacarbón tagartha arb é an príomh-chomhbhár é den mheascán tagartha 83:17.



- (d) Sainmhínigh *teas dócháin*.

Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfaí teas dócháin X a thomhas agus buama-chalraiméadar á úsáid.

(15)

- (e) Chun a ghrádú ochtái a mhéadú, tiontaítear comhdhúil X ina comhdhúil Z i scaglanna ola tríd an bpróiseas athfhoirmithe (díhidriocioglú) seo a leanas:



Ríomh an t-athrú teasa san imoibriú seo, má thugtar gurb iad teasa déanmhaíochta $\text{C}_7\text{H}_{16 \text{ (l)}}$, agus $\text{C}_7\text{H}_{8 \text{ (l)}}$ ná -224.2 agus 12.4 kJ mol^{-1} , faoi seach.

Luaigh úsáid thábhachtach **amháin** a bhaintear, sa tionsclaíocht, as an hidrigin a tháirgtear san imoibriú seo.

(12)

7. Dianscaoiltear clóiríd fosfair(V) ina clóiríd fosfair(III) agus clóirín, ag teocht 500 K de réir na cothromóide cothromaithe seo a leanas.



- (a) Is imoibriú inchúlaithe é seo agus sroichtear cothromáiocht dhinimiciúil.

Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. Cén fáth a ndeirtear go bhfuil an cothromáiocht *dinimiciúil*? (11)

- (b) Luaigh *prionsabal Le Châtelier*.

Scríobh slonn tairiseach na cothromáiochta (K_c) don imoibriú thuas.

(12)

- (c) Nuair a théitear 208.50 g de chlóiríd fosfair(V) i soitheach 100 lítar ag teocht de 500 K , bunaítear cothromáiocht le 53.25 g de ghás clóirín i láthair sa soitheach.

Ríomh luach tairiseach na cothromáiochta (K_c) don imoibriú ag 500 K . (12)

- (d) Nuair a mhéadaítear teocht mheascán imoibrithe, discaoiltear an clóiríd fosfair(V) níos mó.
An imoibriú intearmeach nó eisiteirmeach é? Déan do fhreagra a chosaint. (6)

- (e) Cén t-athrú, más ann dó, a dhéanfadh méadú sa bhrú ar luach K_c ? Mínigh.

(9)

8. (a) Sainmhínigh (i) aigéad, (ii) aigéad comhchuineach, de réir theoríic Brønsted-Lowry. (8)

Nuair a bhíonn meitil-oráiste á úsáid mar tháscaire aigéad-bun, oibríonn sé cosúil le aigéad lag.
Agus **HX** ag seasamh do mheitil-oráiste, díthiomsaítear é mar seo a leanas:



I dtuaslagán uiscí, tá an fhoirm neamh-dhíthiomsaithe (**HX**) dearg agus tá an fhoirm dhíthiomsaithe (**X⁻**) buí.

Déan idirdhealú idir aigéad ládir agus aigéad lag. (6)

Cad é an bun comhchuineach de **HX**? (3)


- (b) Luaigh agus mínigh an dath a bhreatnaítear nuair a chuirtear cúpla braon den tuaslagán meitil-oráiste le (i) tuaslagán 0.1 M de **HCl**, (ii) tuaslagán 0.1 M de **NaOH**. (12)

- (c) Ríomh an pH ag (i) tuaslagán 0.1 M de **NaOH**, (ii) tuaslagán 0.004 M de mheitil-oráiste, má tá luach K_a de 3.5×10^{-4} ag meitil-oráiste. (9)

Tarraing léaráid lipéadaithe soiléir den chuar pH a bheifeá ag súil lena fháil nuair a chuirtear 50 cm^3 de thuaslagán 0.1 M de **NaOH** go mall le 25 cm^3 de thuaslagán 0.1 M de **HCl**. Agus tí ag tagairt don chuar, mínigh cén fáth ar féidir beagnach táscaire aigéad-bun ar bith a úsáid sa toirtmheascadh seo.

(12)

9. Déan staidéar ar an scéim imoibrithe agus freagair na ceisteanna a leanann í.



- (a) Ainmnigh an móilín sa scéim nach bhfuil adaimh charbóin theitrihédreacha ar bith aige. (5)
- (b) Sainaithin (i) imoibriú suimiúcháin, (ii) imoibriú malartaithe, sa scéim thusa. (6)
- (c) Déan cur síos ar an meicníocht d'imoibriú Y. (12)
- (d) Luaigh an imoibreán (nó na himoibreáin) agus an coinníoll (nó na coinníollacha) a bhíonn ag teastáil chun (i) tontú V, (ii) tontú Z, a bhaint amach. (12)
- (e) Tarraing léaráid lipéadaithe chun a thaispeáint conas a dhéanfaí tontú X i saotharlann na scoile. (9)
- (f) Tá sintéis de thrí chéim i gceist i dtontú W. Tarraing struchtúir an dá idirmheánach orgánacha sa tsintéis seo. (6)

10. Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b) agus (c). (2 × 25)

- (a) Sainmhínigh *leictridhiúltacht*. (6)

Luaigh **dhá** thoisci is cúis le luachanna leictridhiúltachta a bheith ag méadú trasna peiriad i dtábla peiriadach na ndúl. (6)

Luaigh cé na comhdhúile díobh seo a leanas a bhfuil naisc hidrigine idir na móilíní iontu:

- (i) clóiríd hidrigine, **HCl**, (ii) uisce, **H₂O**, (iii) amónia, **NH₃**. Cosain do fhreagra. (9)

Mol cúis a bhfuil fiuchphointe amónia (-33°C) níos ísle go mór ná fiuchphointe uisce (100°C). (4)

- (b) Rinne ceimiceoir aigéad beansóch a shintéisiú sa tsaotharlann agus d'íonghlan sé é trí athchriostalú. Thomhais sé leáphointe an táirge roimh an athchriostalú agus ina dhiaidh.

- (i) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar conas a d'fhéadfá leáphointe an táirge amh ná an táirge athchriostalaithe a thomhas. (12)

- (ii) Tabhair **dhá** shlí a bhféadfadh an ceimiceoir a thuiscint as tomhais an leáphointe go bhfuil an t-ábhar athchriostalaithe níos íne ná an t-ábhar a ullmhaíodh ar dtús. (6)

- (iii) Ainmnigh an teicníocht ionstraimeach a d'fhéadfá a úsáid chun an táirge a dheimhniú, bunaithe ar an ionsú aige de thacar sainiúil de radaíochtaí leictreamaighnéadacha ísealfhuinnimh. (3)

- (iv) Tabhair úsáid thábhachtach **amháin** a bhaintear as aigéad beansóch nó as a chuid salann. (4)

- (c) Is í seo a leanas an chothromóid chothromaithe d'ocsaídiú eatánóil ina eatáнал, nuair a úsáidtear déchrómáit sóidiam i gcoinníollacha aigéadacha:



- (i) Déan amach na huimhreacha ocsáidiúcháin de chróimiam san imoibreán déchrómáit sóidiam agus sa táirge sulfáit chróimiam. (7)

- (ii) Luaigh an t-athrú datha a bhreathnaítear de réir mar a théann an t-imoibriú ar aghaidh. (3)

- (iii) Déan cur síos ar tháståil a d'fhéadfá a dhéanamh chun a dheimhniú gur aildéad é an táirge orgánach. (9)

- (iv) Tabhair ainm agus struchtúr comhdhúil orgánach eile a d'fhéadfá a dhéanamh nuair a ocsáidtear eatánól, agus déchrómáit sóidiam aigéadaithe á húsáid. (6)

11. Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b) agus (c).

- (a) Úsáideadh an gaireas a thaispeántar ar dheis chun iniúchadh a dhéanamh ar leictrealú sulfait sóidiam uiscí lenar cuireadh cúpla braon de thuaslagán táscaire uilíoch. I dtosach bhí dath bángħlas ar an tuaslagán.

(i) Ainmnigh ábhar atá oiriúnach lena úsáid mar na leictreoidí **A** agus **B**. (4)


(ii) Conas a seoladh an sruth tríd an leictrilít? (3)

(iii) Cé acu leictreoid, **A** nó **B**, ar tharla ocsaídiú aici?

Scríobh an chothromóid don imoibriú a tharla ag an leictreoid seo.

(iv) Nuair a għluais sruth tríd an leictrilít ar feadh 15 nóiméad, bailiódh 8.5 cm^3 de ghás os cionn na leictreoid deimhní. Cén toirt de ghás a bailiódh os cionn na leictreoid diúltái san am céanna? (3)

(v) Cé acu leictreoid ar nochtaiodh dath ghorm aici? Dénan do fħreagra a chosaint. (6)




(b) Sainmhínigh (i) *radaigniomhaiocht*, (ii) *leathré d'iseatóp radaigniomhach*. (10)

Is iseatóp radaigniomhach é aimeirciam-241 a úsáidtear i mbrathadóirí deataigh tí.

Tá leathré de 432 bliain ag aimeirciam-241 agus meathann sé nuair a astaíonn sé alfa-cháithníní chun neiptiúiniam a tháirgeadh.

Aimsigh luach *A* agus luach *Z* sa chothromóid núicléach seo a leanas d'alfa-mheath núicléas aimeirciam-241. (6)



Tá alfa-cháithníní baolach do shláinte an duine. Luagh riosca amháin a bhaineann le bheith nochtá don alfa-radaíocht. (3)

Mínigh cén fáth nach bhfuil sealbhóirí tí, ina bhfuil brathadóirí deataigh aimeirciam-241, i mbaol ón alfa-radaíocht a astaíonn na feistí seo. (3)

Moltar do shealbhóirí tí na ceallraí i mbrathadóirí deataigh a athrú go rialta. Mínigh cé acu is gá, nó nach gá, an t-aimeirciam-241 a athrú go rialta freisin. (3)

(c) Freagair cuid **A** nó cuid **B**


A

Foirmeacha criostalta macramóilíneacha de carbón is ea an diamant agus an ghraifit. Mínigh iad seo i dtéarmaí nasctha

(i) cruas diamaint,

(ii) an fáth a bhfuil an ghraifít bog agus ar féidir í a úsáid mar bhealaitheoir,

(iii) seoltacht leictreach na graifite. (18)



Is éard atá i bhfullairéin Buckminster ná foirm chriostalta eile de carbón ina bhfuil braislí de 60 adamh carbón i gcruth liathróid peile, mar a thaispeántar. Cén saghas naisc a cheanglaíonn na hadaimh carbón sna 'liathróidí bucky' seo? (3)

Rinneadh amach an spásleagan amach d'adaimh carbón i ngach ceann de na trí struchtúr seo nuair a anailísiodh scaipeadh na x-ghathanna ag na criostail. Cén sloinne a bhí ar an athair agus ar an mac ar cheannródaithe na teicníochta seo iad? (4)

nó

B

Tárgtear ocsaigin ar scála tionsclaíoch trí leachtú agus trí dhriogadh codánach an aeir.

(i) Cad iad na substaintí a bhaintear as an aer in ionglanadh stoc cothaithe an aeir sula leachtaítear é? (4)

(ii) Déan cur síos le cabhair léaráide lipéadaithe ar conas a dhéantar an driogadh codánach den aer leachtach íon. (9)

(iii) Mínigh cé acu próiseas leanúnach nó próiseas baisce é driogadh codánach an aeir. (6)

(iv) Ainmnigh comhthéigre de dhriogadh codánach an aeir agus luagh úsáid amháin a bhaintear as sa tionsclaíocht. (6)

Leathanach Bán